C/2024/1969

29.2.2024

Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cineál eisceachtúil na Saoráide don Úcráin

(C/2024/1969)

Tá Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar aon intinn gur ionstraim mheántéarmach eisceachtúil í an tSaoráid don Úcráin a bhfuil fíorthábhacht gheopholaitiúil ag baint léi agus atá curtha in oiriúint don éiginnteacht agus do na dúshláin nach bhfacthas a leithéid roimhe seo a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do thír atá i mbun cogaidh agus impleachtaí díreacha ann do shlándáil an Aontais. Mar thoradh air sin, cuireann an tSaoráid don Úcráin cothromaíocht ar fáil idir solúbthacht agus inchláraitheacht fhreagairt an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar bhearna maoiniúcháin na hÚcráine, ar riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe na hÚcráine, agus ag an am céanna tacú le hiarracht athchóirithe na hÚcráine mar chuid dá conair aontachais leis an Aontas. Na cuspóirí agus na socruithe maoiniúcháin agus rialachais a comhaontaíodh don tSaoráid don Úcráin, freagraíonn siad don chomhthéacs eisceachtúil, sonrach agus do na dúshláin ar ina leith a glacadh an tSaoráid áirithe seo.

Níor cheart, dá bhrí sin, an réiteach sin don Úcráin a mheas mar fhasach d'ionstraimí a bheidh ann amach anseo maidir le cúnamh eacnamaíoch do thríú tíortha.